Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026
(OR. en)

8921/26

LIMITE

CORLX 439
CFSP/PESC 642
CSDP/PSDC 272
EPF AM 64
COPS 250
POLMIL 190
EUMC 179
CSC 282

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1980 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin le trealamh míleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1980**
**maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána**
**chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin**
**le trealamh míleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1980[1] lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin le trealamh míleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh.

(2) Ní thabharfar cur chun feidhme iomlán na tacaíochta atá beartaithe d'Fhórsaí Armtha Bheinin chun críche go dtí tar éis dheireadh thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2024/1980. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an tréimhse sin ón 15 Iúil 2026 go dtí an 15 Eanáir 2027.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/1980 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2024/1980 ón gComhairle an 15 Iúil 2024 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin le trealamh míleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L, 2024/1980, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1980/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2024/1980, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Mairfidh an beart cúnaimh ar feadh tréimhse 30 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---



PUBLIC